# Plean Náisiúnta do Sholáthar Gaeilge san Fhoghlaim agus Cúram na Luath Óige agus sa Chúram Leanaí d'Aois Scoile

Aighneacht Gaeloideachas ag freagairt don chomhairliúchán, Iúil 2024

Fáiltíonn Gaeloideachas, mar eagraíocht náisiúnta tacaíochta agus ionadaíochta na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, roimh an deis aighneacht a chur chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

## Cearta an pháiste

Creidimid gur chóir go mbeadh rochtain ag gach uile páiste ar bhuntáistí an oideachais trí Ghaeilge, ó naíonra go bunleibhéal go hiar-bhunleibhéal. Is iad na naíonraí bunchloch an chóras tumoideachais, agus sa naíonra a shealbhaíonn an-chuid páistí lasmuigh den Ghaeltacht an Ghaeilge don chéad uair. Ba chóir go mbeadh an rogha ag gach páiste leanúint lena n-aistir foghlama i dtimpeallachtaí lán-Ghaeilge ina gceantar féin.

Molaimid go mbeadh ceart ag gach páiste sa tír i leith oideachas luath-óige trí mheán na Gaeilge a fháil, agus go mbeadh sé mar sprioc aitheanta sa Phlean Náisiúnta an cearta seo a chur ar bhonn reachtúil.

## Rochtain ar naíonraí

Chun go mbeidh fáil ag gach páiste ar naíonra, cuma cá bhfuil cónaí orthu, cén cúlra teanga, cultúrtha nó socheacnamaíoch atá acu agus cuma cé na riachtanais bhreise atá acu, molann Gaeloideachas go mbeadh:

- naíonra ar fáil i ngach ceantar ina bhfuil bunscoil lán-Ghaeilge nó Gaeltachta
- naíonraí agus bunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta comhlonnaithe
- scéim tacaíochta ar leith ann le cabhrú le fiontraithe, coistí pobail agus scoileanna gur mian leo naíonra a bhunú
- eolaire ar fáil don phobal a léiríonn cá bhfuil teacht ar naíonraí a chuireann an luath-thumoideachas ar fáil
- feachtas feasachta náisiúnta ó aois bhreith maidir le buntáistí an luath-thumoideachas.
- eolas maidir le rogha an naíonra roinnte go gníomhach le tuismitheoirí agus iad ag lorg eolas maidir le seirbhísí réamhscoile
- taighde ar córas malartach a chur i bhfeidhm maidir le bunú agus bainistiú naíonraí, go háirithe lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta, mar shampla go mbeadh seirbhísí naíonra faoi chúram an Stáit, nó scáth eagraíocht mar atá sa Ghaeltacht

Le naíonraí a chumasú le seirbhís ionchuimsitheach a chur ar fáil dá bpobail, molaimid go mbeadh:

- múinteoir i ngach naíonra leis an gcáilíocht LINC bainte amach acu

- tacaíochtaí uile na scéime AIM ar fáil trí mheán na Gaeilge agus iad curtha in oiriúint don suíomh luath-thumoideachais
- acmhainní agus eile a fhoilsiú go comhthreomhar i nGaeilge agus i mBéarla, agus iad oiriúnaithe do riachtanais teanga an spriocphobal lena mbaineann

## Naíonraí a aithint

Sainmhíniú Gaeloideachas ar cad is naíonra ann ná suíomh luath-thumoideachais do pháistí faoi chúram múinteoir luathbhlianta. Is trí mhodh an tsúgartha trí mheán na Gaeilge a fhoghlaimíonn na páistí sa naíonra. Aidhmeanna an naíonra ná:

- Forbairt iomlán an pháiste a chothú sna luathbhlianta
- Cabhrú le páistí atá á dtógáil le Gaeilge luathoideachas a fháil ina dteanga féin agus an teanga sin a shaibhriú
- Cabhrú le páistí gan Ghaeilge an dara teanga a shealbhú go nádúrtha

Dá réir, molaimid:

- go mbeadh scéim aitheantais oifigiúil ann do naíonraí, le stádas uathúil an naíonra mar shuíomh luath-thumoideachais a aithint agus a dhearbhú, agus go mbeadh siad rangaithe mar cineál seirbhíse ar leith ag na forais Stáit
- go mbaileofar eolas cainníochtúil go bliantúil maidir leis na naíonraí, le gur féidir forbairt na hearnála a thomhais agus imfhálú a dhéanamh ar acmhainní cuí a thacóidh le tuilleadh forbartha
- go mbeadh cosaint ar leith ag na naíonraí mar seirbhísí riachtanacha don phobal agus go mbeadh seirbhís idirghabhála ar leith ann le cabhrú le naíonraí atá i mbaol dúnadh
- go mbeadh tacaíochtaí breise agus sainiúla ó na forais Stáit do naíonraí, mar aitheantas ar na riachtanais bhreise atá ag suíomhanna luath-thumoideachais

## Cumasú naíonraí le hardchaighdeán a bhaint amach

Le scéim aitheantais rathúil agus cuiditheach a fheidhmiú do na naíonraí, molaimid go mbeadh:

- scéim tacaíochta agus dearbhú cáilíochta ar leith ann do naíonraí le go mbeidh siad cumasaithe le luath-thumoideachas ar ardchaighdeán a sholáthar do pháistí
- foireann de speisialtóirí luath-thumoideachais ar fáil ar bhonn réigiúnach le seirbhísí comhairliúcháin agus meantóireachta a chur ar fáil do naíonraí
- scéim fóirdheontais spriocdhírithe ar fáil do naíonraí le cabhrú leo na costais bhreise atá orthu le seirbhís luath-thumoideachas ar ardchaighdeán a sholáthar do pháistí, a chuimseodh:
    - liúntas a íoc le foireann a earcú agus a choinneáil;
    - acmhainní i nGaeilge a cheannach;
    - acmhainní i nGaeilge a fhorbairt agus a roinnt le cleachtóirí eile;
    - ranganna Gaeilge do bhaill fhoirne;
    - tréimhsí oiliúna sa Ghaeltacht do bhaill fhoirne, i gcás naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht;
    - costais aistriúcháin do pholasaithe, foirmeacha, fógraí nó eile

Is gá go mbeadh saineolas ag múinteoirí ar oideolaíochtaí a thacaíonn le forbairt teanga i suíomhanna luath-thumoideachais sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, agus ar na riachtanais

éagsúla teanga atá ag páistí, idir pháistí a bhfuil Gaeilge sa bhaile acu agus páistí nach bhfuil. Le go mbeidh múinteoirí muiníneacha agus cumasacha ar fáil don earnáil, molaimid:

- go mbeadh coinníollacha oibre cothrom a bhaineann le pá agus a choinníonn múinteoirí san earnáil
- go mbeadh oiliúint tosaigh le cáiliú mar mhúinteoir luathbhlianta ar fáil trí mheán na Gaeilge
- go mbeadh modúl ar an tumoideachas araon mar cuid éigeantach d'oiliúint tosaigh le cáilíocht a bhaint amach sa luath oideachas, dóibh siúd a bhfuil sé i gceist acu bheith ag obair i suíomhanna meán-Ghaeilge agus suíomhanna meán-Bhéarla araon
- go gcuirfí leagan Gaeilge den chlár Teacher Talk leis an ionad Hanen, atá le rith mar scéim píolótach i 2025, ar fáil go forleathan

Is gá go mbeadh ardchaighdeán Gaeilge ag múinteoirí a bheidh ag obair i suíomhanna lán-Ghaeilge. Molaimid:

- go mbeadh modúl sa Ghaeilge mar chuid éigeantach d'oiliúint tosaigh le cáilíocht a bhaint amach sa luath oideachas
- go mbeadh scéim dreasachta ann do mhúinteoirí naíonra le cáilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach
- go mbeadh na cáilíochtaí sa Ghaeilge á gceangal leis an bhFráma Comónta Eorpach um Theangacha

Ba cheart go mbeadh deiseanna rialta ag múinteoirí naíonra a scileanna teanga a fhorbairt go comhthreomhar le cur lena saineolas i réimse an luathoideachais. Molaimid:

- go mbeadh gach forbairt ghairmiúil leanúnach éigeantach ar fáil trí mheán na Gaeilge
- go mbeadh aon fhorbairt ghairmiúil nua ar fáil trí mheán na Gaeilge
- go mbeadh forbairt ghairmiúil eile curtha ar fáil trí Ghaeilge de réir sceideal aontaithe agus riachtanais aitheanta i gcomhpháirt le múinteoirí na hearnála

Ba cheart don Stát níos mó deiseanna a chur ar fáil le taighde a dhéanamh ag leibhéal PhD ar an luaththumoideachais, agus institiúidí tríú leibhéil a spreagadh le naisc láidre a chruthú leis an earnáil.

## Seirbhísí trí Ghaeilge a leathnú do pháistí

Tá gá le seirbhísí níos leithne ná seirbhísí an naíonra, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di. Molaimid:

- go mbeadh scéim tacaíochta ann le cabhrú le naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta seirbhísí cúram lae, clubanna bricfeasta, clubanna iarscoile agus campaí samhraidh a chur ar fáil do pháistí trí mheán na Gaeilge
- go mbeadh scéim tacaíochta ann le cabhrú le naisc a dhéanamh idir na suíomhanna luath-óige agus úsáid na teanga sa bhaile agus sa phobal
- go mbeadh tacaíochtaí cuimsitheacha ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge
- go mbeadh eolaire poiblí ann do sholáthróirí a chuireann seirbhísí cúraim ar fáil trí mheán na Gaeilge

- go mbeadh clár aistrithe á fheidhmiú a chuireann leanúnachas sa chóras tumoideachais chun cinn agus a neartaíonn an caidreamh idir naíonraí agus bunscoileanna

## An Ghaeilge a chur chun cinn i seirbhísí meán-Bhéarla

Tá sé dearfach agus tábhachtach go bhfuil sé mar aidhm ag an Roinn Leanaí go n-úsáidfear Gaeilge leis na páistí i suíomhanna meán-Bhéarla. Molaimid na suíomhanna meán-Bhéarla ina bhfuil Gaeilge á cur chun cinn mar theanga bhreise, agus tá sé tábhachtach tacaíocht a chur ar fáil leis an gcleachtas sin a leabú agus a leathnú le go mbeidh deis ag an oiread leanaí agus páistí gur féidir teagmháil a bheith acu leis an nGaeilge ag aois óg. Molaimid:

- an clár píolótach FCÁT a chur ar fáil go forleathan
- meitheal ar leith a bhunú le cabhrú le suíomhanna meán-Bhéarla an Ghaeilge a úsáid